



## **Dréacht Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí (NMPF)**

### **Cinneadh Scagthástála do Mheasúnú Cuí**

D'fhonn cloí le hAirteagal 6 (3) de Threoir an AE maidir le Gnáthóga agus le Rialachán 42 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga) 2011, arna leasú, (“na Rialacháin um Éin agus Gnáthóga”) an próiseas scagthástála do Mheasúnú Cuí tugadh faoi ag céim luath in ullmhú an Dréacht-Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí (NMPF). Rinne an Scagadh AA measúnú ar cé acu an dócha go mbeadh éifeachtaí suntasacha ag an Dréacht-NMPF ar aon Láithreáin Eorpacha laistigh de líonra Natura 2000, leis féin nó i gcomhar le pleananna agus tionscadail eile.

Rinne éiceolaithe ag RPS Consulting an scagthástáil do Mheasúnú Cuí ar son an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Tháinig an scagadh ar an gconclúid go raibh gá le Measúnacht Chuí ar an Dréacht-NMPF ar na cúiseanna seo a leanas:

- (a) níl an plean nasctha go díreach le bainistíocht na láithreán mar Láithreáin Eorpacha nó tá sé riachtanach go ndéanfaí iad a bhainistiú, agus
- (b) ní féidir é a eisiámh, ar bhonn faisnéise oibiachtúla, go mbeidh tionchar suntasach ag an bplean, leis féin nó i gcomhar le pleananna agus tionscadail eile, ar Láithreán Eorpach.

Dá bhrí sin, ag glacadh leis an bprionsabal réamhchúraim, thángthas ar an tuairim gur cheart Ráiteas Tionchair Natura (NIS) a ullmhú. D'ullmhaigh RPS Consulting NIS ar son an Aire agus tá sé á chur ar fáil mar chuid den chomhairliúchán poiblí maidir leis an Dréacht-NMPF. Breithníonn an NIS an poitéinseal a bheadh ag an Dréacht-NMPF sláine aon láithreáin Natura 2000, a stádas leasaithe, a stádas caomhnaithe gaolmhar, struchtúr / feidhm an tsuímh / na láithreán, agus iomláine iomlán an suíomh / na suíomhanna.

Más rud é, tar éis comhairliúcháin phoiblí, go ndéanfar modhnuithe ar an Dréacht-NMPF, leasófar an NIS de réir mar is gá tar éis breithniú a dhéanamh ar na modhnuithe agus





an poitéinseal a bheadh ag an NMPF modhnaithe ar shláine aon láithreáin Natura 2000, maidir lena leasanna cáilitheacha, stádas caomhnaithe gaolmhar, struchtúr / feidhm an tsuímh / na láithreán, agus iomláine an tsuímh / na láithreán.

Ullmhófar agus foilseofar NIS deiridh, le ráiteas conclúidí, agus Cinneadh maidir le Measúnacht Chuí, in éineacht leis an NMPF deiridh a ghlacfar go déanach i 2020.

---

Padraic Dempsey  
An Rannóg Pleanála Mara  
21 Deireadh Fómhair 2019